

NA HÉANLAITH AR NA SGEIRDÍ.

Tá na Sgeirdí lán le éanacha. Cailleacha Dubha – sin duibh – éin – éannacha aille. Roilleacha, faoileáin, riúinicíní (Puffins.), broighill, geobhróga, agus máirtineach na hola.

Bíonn éinín cladaigh ar dhéanamh na fuiseoige ann. Is éinín glas, éinín tíre, é (riabhóg chladaigh) éan nach leagfainn aon tsúnntas ann.

Bhíodh fir ag marbhú éannacha ar na Sgeirdí fadó. Ghabhaidís i dtír sa lá agus d'fhanaidís ar na carraigeacha san oidhche go mbeiridís ar na héanacha san oidhche. Chuiridís cor fuinnimh i muinéal an éin agus bhainidís streachailt as le n-a mharbú faoi fhéil Mártain marbhuightí iad.

Bhí figheadóir ann nach chaith brog ariamh. Bhí sé i ndon dul de léim as bád ar charraig dá mbeadh na faoithin chó tiugh le fear ar an gcarraig. Tugadh amach oidhche é le go ngabhfadh sé ar na Sgeirdí ag marbhú éan. Caithfidh tú fannacht i do thost gan smid a labhairt ach ag éalódh i do stocaí. Tá na héanacha ar bhruach na haille agus má dhéanann tú gleó ar bith níl le déanamh aca ach iad féin a chaiteamh síos sa bhfairrge.

Cuireadh an figheadóir i dtír agus ní fhaca sé na héanacha beag ná mór. “Cá bhfuil siad?” adeir sé agus é cur a shean bhlaoidh as. Deamhan éan a d’fhan ar an gcarraig nár thug an fhairrge air féin. Hó bair gur mharbuigh na bádóirí an figheadóir.

Frap Aille= Ledge.